Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

19 Meitheamh 2023 Uimhir 40

Ranganna na Bliana seo chugainn:
Naíonáin Bheaga - Múinteoir Clíona
Naíonáin Mhóra - Múinteoir Bláthnaid
Rang 1 - Múinteoir Colm (Múinteoir nua)
Rang 2 / Rang 3 - Le hearcú thar an Samhradh - Seolfar ríomhphoist ag deireadh mhí Lúnasa.
Rang Speisialta - Múinteoir Eimear
Múinteoir Oideachais Speisialta - Múinteoir Póla
Next Year's Classes:
Junior Infants - Múinteoir Clíona
Senior Infants - Múinteoir Bláthnaid
1st Class - Múinteoir Colm (New teacher)
2nd / 3rd Class - To be recruited over the summer - An email will be sent at the end of August.
Special Class - Múinteoir Eimear
Special Education Teacher - Múinteoir Póla

Turas Scoile R1/R2:
Rachaidh R2/R2 ar a dturas scoile ar an gCéadaoin ar a 8.30r.n. Rachaidh siad chuig Theach Rockfield *Primary School Tours Dublin/Meath - Causey Farm*
Beidh mála de dhíth ó na páistí le cóta báistí, lón agus deoch. Cuirigí uachtar gréine ar na páistí ar maidin chomh maith. Beidh na páistí ar ais ar scoil do 2.10i.n. Tá súil againn go mbeidh turas maith ag na páistí.
1st / 2nd Class Tour:
1st/2nd class will be heading off on their school tour on Wednesday morning at 8.30r.n. They are going to Rockfield House Primary School Tours Dublin/Meath - Causey Farm
They will need to bring a bag with a rain jacket, lunch and a drink. Please apply sun cream to the children in the morning. The children will be back in time for 2.10p.m. We hope that the children all enjoy their tour.

CLG - Blitz - Naíonáin Bheaga:
Beidh na naíonáin bheaga ag glacadh páirte i mBlitz eagraithe ag Declan agus an CLG Mhaigh Nuad ar an gCéadaoin. Beidh páistí ó Ghaelscoil Ruairí agus Gaelscoil Uí Fhiaich ag glacadh páirte agus beidh sé ar siúl i nGaelscoil Uí Fhiaich. Beidh gnáth bróga reatha de dhíth agus camáin agus clogad má bhíonn siad acu. Cuirigí uachtar gréine orthu ar maidin agus seol go leor deochanna leo chomh maith. Rachaidh siad ann agus tiocfaidh siad ar ais ar bhus. Beidh siad ar ais sa scoil roimh a 1.10i.n. Tá súil againn go mbeidh lá maith ag na páistí.
GAA - Blitz - Junior Infants:
Junior infants will participate in a Blitz organised by Declan and The Maynooth GAA on Wednesday. Children from Gaelscoil Ruairí and Gaelscoil Uí Fhiaich will be taking part and it will take place in Gaelscoil Uí Fhiaich. The children will need to wear their regular runners and bring a hurl and helmet if they have them. Please apply sun cream in the morning and send them in with plenty of drinks. The children will travel there and back by bus. They will be back by 1.10p.m. We hope the children have a great day.

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

19 Meitheamh 2023 Uimhir 40

Lá Spóirt na Scoile:

Beidh Lá Spóirt na Scoile ag dul ar aghaidh inniu. Beidh na páistí ag dul i mbun gníomhaíochtaí spóirt don lá. Déanfar na rásaí ar an bpáirc peile trasna an bhóthair ón scoil ar a 12i.n. agus beidh fáilte roimh chách.

School Sports' Day:

The school's Sports' Day is taking place today. The children will engage in a variety of sports' activities throughout the day. The races will start at 12p.m. on the pitch across from the school and everyone is welcome to attend.

Veain Uachtar Reoite:

Iarrtar ar thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas muna bhfuil cead ag páiste uachtar reoite a ithe ar ann Déardaoin.

Ice-Cream Van:

Parents are asked to inform the school if their child is not permitted to eat an ice-cream on Thursday.

Coiste na dTuismitheoirí:

1. Ranganna Gaeilge: Críochnóidh an rang comhrá sa scoil oíche amárach ar a 8i.n le hEoghan. Ag leanúint na ranganna, thosaigh bricfeasta trí Ghaeilge maidin Aoine cúpla seachtain ó shin i gCaifé Sásta. Seolfar nasc whatsapp chuig gach rang agus tá fáilte roimh chách, is cuma cén leibhéal teanga atá agat.

Ár mbuíochas ó chroí le hEoghan a chuir na ranganna seo ar fáil i mbliana.

2. Lotto:Comhghairdeas le Muireann O Sullivan a bhuaigh an lotto, €20 agus bosca seacláide ar an Aoine. Seasann an pota óir ar €900 anois. Go n-éirí le gach duine thar an Samhradh. Fógrófar na buatóirí seachtainiúil ar fad nuair a fhillimid ar scoil ag deireadh mhí Lúnasa agus bronnfar na duaiseanna ansin. Má bhuatar an pota óir thar an Samhraidh beidh an Coiste agus Our Fundraiser i dteagmháil chun an t-airgead a aistriú. Táimid thar a bheith buíoch as bhur dtacaíocht ar fad.

3. Buíochas: Ár mbuíochas le gach duine a thacaigh le hobair an choiste i mbliana. Bliain iontach gnóthach a bhí ann agus táimid thar a bheith buíoch díbh go léir.

4. Lá Gan Éadaí Scoile: Beidh lá gan éadaí scoile ag na paistí ar an Déardaoin beag seo agus iarrtar ar na páistí €2 a thógáil isteach don scoile.

Parents' Committee:

1.Gaeilge Classes: The Conversation Classes will finish in school tomorrow night at 8 pm with Eoghan. As a follow on from the classes an informal Friday morning breakfast through Irish started a few weeks ago in Sásta cafe. A WhatsApp link will be sent to all the classes and all are welcome whatever your level of Irish.

Our sincere thank you to Eoghan for providing these classes this year.

2. Lotto: Congratulations to Muireann O Sullivan who won €20 and a box of chocolates on Friday. The jackpot now stands at €900. Best of luck to everyone over the summer. All weekly winners will receive their prizes when we return to school at the end of August. If the jackpot is won over the holidays the Parents Committee and Our

Fundraiser will be in touch to arrange transfer of the winnings. We very much appreciate all your support.
3. Thank You: Our sincere thank you to everyone who supported the work of the Coiste this year. We very much appreciated all your support.
4. Non-Uniform Day: The children will have a non-uniform day on Thursday and are asked to bring in €2 for the school.

Bord Bainistíochta na Scoile:
Ba mhaith le bord bainistíochta na scoile buíochas a ghabháil le gach duine as a n-aiseolas a chur chugainn le déanaí faoi na polasaithe nua. Tá an polasaí 'Teacht agus Imeacht ón Scoil' faomhaithe agus beidh siad ar shuíomh greasáin na scoile an tseachtain seo. Táimid ag súil le bheith ar ais chugaibh roimh an Déardaoin faoin gCód Iompair agus faoin bPolasaí 'Fón Póca, Uaireadóirí Cliste agus Gléasanna Cliste Eile' roimh an Déardaoin.
Board of Management:
The Board of Management would like to thank everyone for their feedback recently on the new policies. The 'Coming and Going from School' policy has been ratified and will be on the school's website this week. We hope to come back to you by Thursday in relation to the ' Mobile Phone, Smart Watch and Other Smart Devices' policy and the Code of Behaviour.

Féinmheastóireacht Scoile - Folláine:
Beidh a thuilleadh faoi seo i mí Meán Fómhair.
School Self-Evaluation - Wellbeing:
There will be much more in relation to this in September.

Laethanta Saoire an tSamhraidh:
Críochnóidh na páistí ar fad ar an Déardaoin beag seo ar a 11.45r.n. do laethanta saoire an tSamhraidh. Athosclóidh an scoil ar an gCéadaoin an 30 lá de mhí Lúnasa.
Last Day:
All the children will finish this Thursday at 11.45a.m. for their summer holidays.
The school will reopen on Wednesday the 30th August.

Clár Samhraidh:
Tosóidh an clár samhraidh ar an Aoine bheag seo agus críochnóidh sé ar an Déardaoin an 6 lá de mhí Iúil. Ní gá do na páistí a n-éadaí scoile a chaitheamh ach is gá dóibh éadaí agus bróga compórdacha a chaitheamh.
Summer Programme:
The Summer Programme starts this Friday and will run until Thursday 6th July. The children do not need to wear their school uniforms but must wear comfortable clothes and footwear.

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

19 Meitheamh 2023 Uimhir 40

Tógálaithe:
Tá an obair tosaithe. Tá an dá seomra le baint agus cuirfear seomraí dhá stór isteach ansin.
Builders:
The work has begun. Two classrooms will be removed and will be replaced with a two-storey unit.

Nóta Buíochais ó Phóla:
Tá Gaelscoil Ruairí bunaithe ar feadh ceithre bliana anois. Bliain eile iontach gnóthach a bhí againn ar fad arís i mbliana. Táimid thar a bheith bródúil as na páistí ar fad a rinne an t-úfas oibre i mbliana agus atá ag fás agus ag forbairt i ngach slí.
Tá pobal scoile iontach againn i nGaelscoil Ruairí. Oibríonn gach grúpa go dian ar son na bpáistí uilig agus bíonn sé seo i gcónaí soiléir. Tá múinteoirí den scoth againn a chuireann a gcroíthe agus a n-anamacha isteach sa mhúinteoireacht agus ba mhaith liom obair gach múinteoir a aithint. Tá tuismitheoirí na scoile iontach tacúil le múinteoirí na scoile agus is ar leas na bpáistí atá sé seo dar ndóigh. Tá Coiste na dTuismitheoirí iontach gníomhach againn sa scoil agus níl aon dabht ach go gcuireann siad go mór leis an scoil. Tá Bord Bainistíochta againn a bhainistíonn an scoil go héifeachtach ar son ár bhPatrún, An Forás Patrúnachta, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na grupaí seo ar fad. Is mór an pribhléid é domsa a bheith ag obair leis na grupaí díograiseacha seo ar fad i nGaelscoil Ruairí ar son na bpáistí. Bíodh samhradh álainn agaibh ar fad, tá sé tuillte go maith agaibh agus feicfimid ar ais ar scoil sibh ar an 30 Lúnasa. Leanaigí ar aghaidh ag labhairt na Gaeilge le linn an tSamhraidh!
Thank You Note From Póla:
Gaelscoil Ruairí has been founded for four years. This has been another busy year for everyone. We are extremely proud of all the children who are growing and developing in every way.
We have a fantastic school community in Gaelscoil Ruairí. Every group works diligently on behalf of all the children and this is always clearly evident. We have fantastic teachers who put everything they have into their teaching. We have parents who are extremely supportive of the teachers' work which is of course hugely beneficial to the children. We have an active Parent's committee which the school benefits enormously from. We have a board of management who effectively manage the school on behalf of the school's Parton, An Foras Patrúnachta. It is a privilege for me to be working with all of these committed and diligent groups in Gaelscoil Ruairí for the benefit of all the children in the school.
I hope everyone has a lovely summer, you all more than deserve this break and we will see you all back in school on the 30th August. Please continue to speak Irish over the summer!